Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**9020/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0132(COD)**

**CODEC 1124**
**ASILE 59**
**EURODAC 6**
**ENFOPOL 186**
**IXIM 114**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bunú 'Eurodac' chun sonraí bithmhéadracha a chur i gcomparáid le chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialacháin (AE) .../... agus (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2001/55/CE ón gComhairle agus ar mhaithe le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach sa stát a shainaithint, agus maidir le hiarrataí ó údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus iarrataí ó Europol ar chomparáidí a dhéanamh le sonraí Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 4 Bealtaine 2016, chuir an Coimisiún a thogra[1], bunaithe ar phointe (e) d'Airteagal 78(2), pointe (c) d'Airteagal 79(2), pointe (a) d'Airteagal 87(2) agus pointe (a) d'Airteagal 88(2) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. An 23 Meán Fómhair 2020, chuir an Coimisiún togra leasaithe[2], bunaithe ar Airteagal 78(2), phointí (d), (e) agus (g), Airteagal 79(2), pointe (c), Airteagal 87(2), pointe (c), agus Airteagal 88(2), pointe (a) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

3. D'eisigh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairimí an 11 Meán Fómhair 20163 agus an 30 Samhain 20204.

---

[1] 8765/16.
[2] 11205/20 + ADD 1.
[3] IO C 9, 12.1.2017, lch. 3.

4. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairimí uaidh an 19 Deireadh Fómhair 20165 agus an 25 Feabhra 20216.

5. Thug Coiste na Réigiún a thuairimí uaidh an 8 Nollaig 20167 agus an 19 Márta 20218.

6. An 10 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[9]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle1011 an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 15/24 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ungáir agus an Pholainn ag vótáil ina choinne, agus Poblacht na Seicia agus an tSlóvaic ag staonadh ón vótáil.

8. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

9. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

4 IO C 99, 23.3.2021, lgh. 9-12.
5 IO C 34, 2.2.2017, lch. 144.
6 IO C 155, 30.4.2021, lch. 64.
7 IO C 185, 9.6.2017, lch. 91.
8 IO C 175, 7.5.2021, lch. 32.
9 8576/24.
10 I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
11 I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.